Ard Ḟeis Connraḋ na Gaeilge

Plé fa mórán neiṫe

Ba ṁór an bualaḋ bos a fuair Miċeál Mac Cárṫaiġ, agus é ag éirí ċun a óráid deiriḋ uaċtarán a ṫabairt uaiḋ.

Dála an scéil, is trua gur éiriġ sé as, agus is trua go n-aṫraíonn an Conraḋ Uaċtaráin ċoṁ minic. B'ḟearr an rud leanúint de leis an uaċtarán aṁáin, a ċuirfeaḋ a ṗearsantaċt féin i bfeiḋm ar cúrsaí an Ċonarṫa, agus bí sin ḋá ḋéanaṁ go maiṫ ag Miċeál Mac Cárṫaiġ. Agus bí sé a' labairt go maiṫ ag tabairt treor do Ġaeilgeoirí.

Measaimíd nár ṁaiṫ an rud é a aṫrú. Agus b'ḟiú don Conraḋ smaoineaṁ ar cuid de óráidí Ṁiċíl Ṁic Cárṫaiġ, ḟad agus bí sé ina Uaċtarán. A ḟoilsiú ina ṗaimpléid, mar tugann siad léiriú maiṫ ar bunús polasaí ciallṁar aṫbeoċána don Ġalltaċt.

Ag tráċt ar ḟeaċtas na Gaeilge, ag bailiú síniúċáin, faoi an Ṗáipéar Bán, dúirt sé go ndéarna sé mórán maiṫeas, ní hé aṁáin leis na síniúċáin féin, aċ leis an eolas a cuireaḋ ar fáil do oibriṫeoirí na Gaeilge, agus an eolas fán Ġaeilge a cuireaḋ ar fáil don ġnáċ ṗobal.

Dar leis go raiḃ tromlaċ ṁór an ṗobail i leiṫ na Gaeilge.

Páipéar Bán

Fán ṗáipéar ḃán, dúirt sé gur ḃréag a rá go raiḃ sé gan loċt, aċ, ba ḃréag a rá go raiḃ sé gan ṁaiṫ, aċ oiread. Ba ṁaiṫ an rud barúlaċa a noċtú, agus léargas a ḋéanaṁ i dtaoḃ an Ṗáipéir Ḃáin, aċ bí baol ann go ndéanfaí an ṁaiṫ atá ann do lot. Ḃí aṫ-ḟás ag teastáil i gcúrsaí na Gaeilge, agus ṁeas sé go raiḃ préaṁ an aṫ-ḟáis seo ar fáil sa Ṗáipéar Ḃán. Ba ċeart dúinn beiṫ cúramaċ gan cosc a ċur leis an aṫ-ḟás. Ní raiḃ aon rud níos bunúsaiġ, dár leis, ná go mbeaḋ an pobal ar fad san obair. Go mbeaḋ a ḟios agus go bfuil troid ar siúl ar son beaṫa na teanga, gur ṫroid an náisiún é, agus go mbeidís go léir páirteaċ ann, a ḃeag nó a ṁór. Dualgas gaċ saoṫránaċ glacaḋ leis an aiḋm náisiúnta seo, agus ṁeas sé go raiḃ dualgas mórálta orṫa sin a ḋéanaṁ. Ḃí sé ṫar am go nglacfaḋ an pobal ar fad leis an aiḋm náisiúnta, agus tús a ċur anois le coṁ iarraċt le iad a ṫabaira i gcríċ. An duine aonair, an teaġlaċ, an Eaglais, luċt tionscail agus Trádála, na Ceard-ċumainn, na Cumainn Spóirt agus na Cumainn Tuaiṫe.

Luaiġ sé gur ḃ'ḟéidir leis an duine aonraic ainm agus sloinne Gaeilge a úsáid nós coitianta a ḋéanaṁ do labairt na Gaeilge le Gaeilgeoirí eile, suaṫantas Gaeilge a ċaiṫeaṁ, leabar urnaí Gaeilge a úsáid, paidreaċa pearsanta do rá i nGaeilge, laeṫa saoire do ċaiṫeaṁ sa Ġaeltaċt, páipéar Gaeilge a ċeannaċt go rialta, leabair Ġaeilge a léaṁ, ⁊ coṁḟreagras i nGaeilge a ḋéanaṁ le Ranna Stáit agus le Boird Poiblí.

Ṫaispeáin an Eaglais cad ab' féidir a ḋéanaṁ leis na h-Aifrinntí. Tá idir Cléir agus pobal a' molaḋ faoi an feabas is d'éiriġ leis na hAifrinn Ġaeilge aon áit dá raḃadar, ar seisean.

Dúirt sé go raiḃ an Rialtais taréis a iarraiḋ ċeana féin ar na Cumainn ṁóra náisiúnta, cúram a ḋéanaṁ do ċur ċun cinn na teanga. Ba ṁaiṫ anois dá gcluinfí ráiteasaí geallúna có-oibriṫe ó luċt tionsclaíoċta, Ceard-Ċumainn, óna Cumainn Tuaiṫe ⁊ óna Cumainn Spóirt go léir. Ba ṁaiṫ, ar seiseann, dá leanfaí sompla Uaċtarán Ċumann Lúṫċleas Gael, a léiriġ go fórsúil cad é a intinn, agus intinn a ċumainn faoin Ġaeilge.

Faoi eagrais an Ċonraḋ féin. Dúirt sé gur bunaíoḋ roinnt ṁaiṫ craoḃ, agus orṫa sin, bí roinnt a ḃí ag éaċt ... ó ṡin, a ċruṫaiġ cad ab' ḟiú misneaċ agus dílse agus éifeaċt.

Cuiṁneaċáin 1916

Sé an ḃliain seo ċugainn, bliain cuiṁne 1916, arsa an Uasal Mac Cárṫaiġ. D'ḟéadfaḋ an ḃliain sin a ḃeiṫ ina ḃliain mór aṫḟás agus aiséirí. Is ceart tosnú ag réitiú ina ċoṁair an saṁraḋ seo. Im ḋúṫaiġ féin, tá sé beartaiṫe ag cuid againn an dúṫaiġ ar fad a ṡiúl agus coiste cuiṁneaċáin a ċur ar bun in gaċ paróiste. Má ḋeineann an Conraḋ sin in gaċ áit beiḋ an bliain cuiṁneaċáin ina ḃliain mór Gaeilge. Molaimíd do na coistí paróiste seo coirmceoil ṁaiṫ cuiṁneaċán a ċur ar siúl. Léaċtanna ar an tréiṁse ó ḃunú an Ċonraḋ go dtí 1916. Buíon ḟásta a eagrú ċun dul le ċéile ċun na Gaeltaċta sa saṁraḋ. Aeraíoċt insan saṁraḋ.

Tá tús déanta maidir leis an nGaeltaċt san dúṫaiġ i gceist agam. Don ḃliain seo agus meastar go mbeiḋ idir 100 agus 150 eagraiṫe i mbliain 1966. Daoine ḟásta atá i gceist. Luaim é seo mar ṡompla gur ṁaiṫ go leanfaí. Ba ċeart do gaċ ċoiste dúiċe tosnú ag eagrú an saṁraḋ seo, agus san ḃḞóṁar.

Mar focal scoir, dúirt sé go dtógfaḋ sé mórán bliain, b'ḟéidir mórán glúin leis an Gaeilge a ċur in uaċtar in Éirinn. Níor ḃ'ḟéidir a ḃeiṫ ag súil le h-aṫrú mór go ḋtí go mbeaḋ eolas ar an nGaeilge ag mórán daoine, agus ansin d'ḟéadfaḋ córáil mór náisiúnta an ḃuaṫraċt a ṫabairt ċun críċe go tapaí. Aċ ní tiocfaḋ sin go dtí go mbeaḋ an Ġaeilge go maiṫ ag a lán daoine.

Níor ċás dúinn, ar seisean an dul ar aġaiḋ a ḃeiṫ go h-an ṁall insan Ġalltaċt dá mbeaḋ muid cinnte go mairfeaḋ an Ġaeltaċt. Donas an scéil. Áfaċ, go mbraṫann buaine na Gaeltaċta cuid ṁaiṫ, ar ḋul ar aġaiḋ na teangan sa Ġalltaċt. Ní baol go scaoilfiḋ muintir na Gaeltaċta uaṫa an teanga, dá ḃfeicfidís í a' ṫeaċt i réim ar fud na tíre. Ní labairíd muintir na Galltaċta Gaeilge mar naċ ḃfuil sí acu aċ go lag an furṁór mór.

Óna taiṫí féin ar an ṁúinteoireaċt, dúirt sé naċ ḃfuil aċ corr duine go dtéann sé ana ḋian air Gaeilg a ḟoġluim.

Idir feaḃsú móḋanna múinte, agus an méadú mór ar na daltaí a ġeiḃeann oideaċas iar-ḃunscoile, ba ċóir go ḃfeaḃsófaí teagasc na Gaeilge. Ba ċeart a gcuid páistí. go dtí go gcaiṫeann siad bliain nó ḋó i gColáiste naċ labairtear ann aċ an Ġaeilge, nó mí nó ḋó insan Ġaeltaċt, faoi smaċtanna áiriṫe.

Cuntas na Bliana

Ina ċuntas bliantúil ar obair an Ċonnarṫa, dúirt an Rúnaí, Donnċa Ó Súilleaḃáin, go ḃfuair sé tuairisc ó Ġearóid Mac Giolla Doṁnaiġ. Rúnaí Coṁaltas Ulaḋ, faoi obair an ċoṁaltais ar feaḋ na bliana. Agus insan tuairisc sin, ḃí sé ráite: "Ḃí clé i riṫ na bliana ar ġnéiṫe áiriṫe de tuarascáil an Ċoimisiún, agus ar an Ṗáipéar Ḃán, ó ṫáiniġ siad amaċ, agus tríd, tríd ġlac an coṁaltas le moltaí an Ṗáipéir Ḃáin mar ċoṁarṫaí dóċais don Ġaeilge, amaċ anseo.

"Aċ ní raḃṫas lán tsásta leis an easpa práinne a síleaḋ a ḃeiṫ le moṫaċtáil idir na codanna sin den Ṗáipéar Ḃán a ḃain leis an Ġaeltaċt."

Ceannáras

Ag cur síos ar an ċeannáras nua, dúirt an Rúnaí gur ṡocraiġ an Coiste Gnóṫa roinnt ḃliain ó ṡin, airgead ċun ceannáras nua a lorg ó'n Rialtas tré Ċoṁḋáil Náisiúnta na Gaeilge aċ, gur ċeip orṫa. Nuair a fuair siad roġa ón Ċoṁairle Caṫraċ, go raiḃ an balla cúil i mbaol titim, ṡocraiġ an Coiste Gnóṫa go gcaiṫfí an foirgneaṁ nua a ṫógáil láiṫreaċ. Agus d'éiliġ siad arís an t-airgead ón Rialtas. Ḃí agallaṁ acu leis an Dr. Ó Riain ar an 12ú lá de Ḃealtaine, 1964, agus ċuir siad ós coṁair an Aire gurb é an meastaċán fá ċoinne an teaċ a aṫṫógáil ná £60,000. Agus ċuir an tAire Airgeadais in iúl naċ raiḃ an Rialtas sásta an suim sin a ċur ar fáil. Ar an 17ú lá de Iúil, ċuir an tAire Airgeadais in iúl díoḃa, go mbeaḋ sé sásta a ṁolaḋ go gceannóḋ Bord na nOibreaċa Poiblí, teaċ eile a ḃí ar díol sa ċearnóg, agus go ndéanfaí é a ṁaisiú agus é a ḃronnaḋ mar áras ar an gConraḋ mar ṁalairt ar uiṁir 14.

Scrúdaiġ an Coiste an teaċ seo, agus fuarṫas amaċ naċ mbeaḋ sé feiliúnaċ do obair an Ċonnarṫa. In agallaṁ eile leis an Aire ar an 27ú lá de Lúnasa, luaiġ sé Uiṁ. 6, Sráid Ḟearrċar, a ṫairiscint mar áras don Ċonraḋ, agus 'na ḋiaiḋ sin, ṡocraiġ sé uiṁir 14, Cearnóg Ṗarnell, a ḟágaint ag an gConraḋ, agus cead acu é a ḋíol dóiḃ féin. Ní raiḃ aon crua-ċoinníollaċa ag baint le tairiscint Uiṁ. 6, agus ḃí an conraḋ faoi ċomaoin ag an Dr. Séamas Ó Riain. Meastar go mbeiḋ Uiṁir 6, Sráid Ḟearrċar, an áit nua, réiḋ don Ċonraḋ go lua.

Tá uiṁir 14, Cearnóg Ṗarnell, le cur ar ceant.

Míniú nó Leiṫscéal

Seo an míniú a ṫug an Rúnaí ar an ráiteas faoi an Ṗáipéar Ḃán: Ar an 9ú lá d'Eanair, ṫug an Coiste Gnóṫa údarás do ċoiste an Airgid réiṁ-ċóipeanna den Ṗáipéar Ḃán a lorg, agus ráiteas a ullṁú le foilsiú. Cuireaḋ cóipeanna ar fáil do ḃaill Ċoiste an Airgid, roiṁ a ḟoilsiṫe. Rud a ṫug caoi dóiḃ é a léaṁ, agus ráiteas a ullṁú lena ḟoilsiú an lá céanna agus a foilsíoḋ an Páipéar Bán féin. Ní ráiteas ón Uaċtarán agus ón Árd-Rúnaí a ḃí ann, aċ ráiteas oifigiúil ó luċt ceannais na h-eagraíoċta. Tá an ráiteas féin aṫ-tugṫa insan cuntas bliantúil, agus an abaira ann—

"Is trua go ró-speisialta linn a easnaiṁí atá an treoir sa ṁéid a ḃaineann le faḃbanna na Gaeltaċta a réiteaċ."

Deireann an tÁrd Rúnaí gur ġlac an Coiste Gnóṫa leis an bPáipéar Bán mar ċéad ċéim den beartas Stát i leiṫ aṫbeoċána na Gaeilge, do na deiċ mbliana roṁainn.

Is léir ón ráiteas naċ ró ṡásta atáid le gaċ rud atá sa Ṗáipéar Ḃán. D'ullṁaiġ an Coiste Gnóṫa meaṁram agus d'iarr siad agallaṁ leis an Taoiseaċ ċun na gnéiṫe den Ṗáipéar Ḃán a ḃain leis an Ġaeltaċt agus an telefís a plé. Dúirt an Taoiseaċ gur ċeart dóiḃ an scéal a plé leis an Aire Airgeadais agus ċuaiġ toscaireaċt ċuig an Aire Airgeadais ar an 20ú lá de Ṁárta. I gcuntas ar idir-ḃeartaíoċt agus idir plé le Telefís Éireann, ḃí sé soiléir naċ raiḃ aon dul-ċun-cinn beartaiṫe nó ḋá ḋéanaṁ, ar na cláraċa. Nuair a fiafraíoḋ don Aire Poist agus Telegrafa, an é a ṫuairim go ḃfuil a ḋualgas i leiṫ na Gaeilge ḋá ċoiṁlíonaḋ ag an Uasal Rugheimer, Ceannasaí Clár, nuair a ḟreagraíonn sé i mBéarla, litreaċa a cuirtear ċuige i mBéarla, ṫáiniġ an freagra seo ó Rúnaí an Aire, a ċur in iúl go raiḃ iarrṫa ag an Aire ar Radio Éireann, féaċaint ċuige go dúṫraċaċ, go gcuirfear freagraí amaċ i nGaeilge, ar gaċ litir Gaeilge dá dtagann ċucu. Tuigeann sé gurb é ba ġnáċ leis an údarás a ḋéanaṁ ⁊ nár ṁaiṫ leo féin go mbeaḋ aon éisceaċt den rial ann. I mBéarla a ṫug an tUasal Rugheimer, freagra orṫa roiṁe sin.

Cearta Dlí

Faoi cás an Ṁianánaiġ nuair adúirt Abcóid Dlí ar son an Aire Poist agus Telegrafa, naċ raiḃ sé de oibligáid ar Abcóid Stáit duine a ċúiseaṁ tré Ġaeilge, ċur an Coiste Gnóṫa rún agóide i ḃfeiḋm, gur cúis iontas, díoma agus uafás, ag Coiste Gnóṫa Ċonraḋ na Gaeilge, agus ar Conraṫóirí eile na tíre, gur ḋiúltaiġ Breiṫiṁ Cúirte Dúiċe i mBaile Áṫa Cliaṫ, áiṫeantas a ṫabaira do ċearta na Gaeilge faoin dlí, nuair a ḋearḃaiġ sé sa ċúirt sin naċ raiḃ de oibligaid ar Abcóid an Stáit duine a ċúisiú tré Ġaeilge. Agus ós rud é, de ḋeascaiṁ sin, gur maslaíoḋ Gaeilgeoirí, agus gur deineaḋ dís-ḃeagú ar an Ġaeilge, teanga dúċais na tíre, go n-iarann an Coiste Gnóṫa ar an Aire Dlí ⁊ Cirt, agus ar an bPríoṁ Breiṫiṁ deiṁin a ḋéanaṁ de go ḃfaiġeann an Gaeilge Gaeilgeoirí gaċ ceart agus cóir faoi sliṫe an Stáit, agus do réir bunreaċt na tíre.

Fuaireadar adṁáil tur ó Rúnaí Príoṁáideaċ an Aire Dlí agus Cirt, agus litir ó Rúnaí Príoṁáideaċ an Ṗríoṁ Breiṫiṁ, naċ ḃfaca sé aon ċuntas ar an gcúrsa a raiḃ tagairt do, sa rún, aċ, naċ aon ċuid dá ḋualgas ná dá ċeart ceann a ṫógaint de aon ċúis cúirte aċ sa ṁéid go dtugtar sonnraí san Ċúirt Uaċtaraiġ fá réir slí innse na Cúirte sin.

Cáineaḋ

Ḃí rún ar an ċlár ag Craoḃ Ḃreannáin, Baile Áṫa Cliaṫ, go gcáineann an Árd Ḟeis seo Páipéar Bán an Rialtais i leiṫ na Gaeilge, mar ċáipéis léaṁ lag, loċtaċ i gcoitiana, agus na codanna a ḃaineas leis an Ġaeltaċt san córas telefíse, aċ go háiriṫe.

D'éiliġ an Árd Ḟeis ar an Rialtas, beartanna fónta cinnte a árdós meanman ṁuintir na Gaeltaċta, a ċeapaḋ is a ċur i ḃfeiḋm gan ṁoill. Agus an córas Radio-Telefíse a ḃaint as seilḃ luċt raċmuis agus naiṁde seoiníneaċa an náisiúin agus é ċur arais i seilḃ ṁuintir na hÉireann.

Oifigeoir sa Ġaeltaċt

D'iarr Coiste Dúiċe Ṫiobrad Árainn Ṫeas, go n-iarrfaí ar an Rialtas a ċinntiú go mbeaḋ oifigí Stáit san Ġaeltaċt, sásta obair oifigiúil a ḋéanaṁ tré meán na Gaeilge. Agus d'iarr Cumann Gaelaċ Ċluain Meala gan aċ Gaeilgeoirí aṁáin a ċeapaḋ mar oifigí Stáit sa Ġaeltaċt. Ṁol Craoḃ Breannáin rún eile gur íonaḋ leis an Árd Ḟeis seo a ċlos naċ ḃfuil gaċ Aifreann tré Ġaeilge i bparáistí uilig na Gaeltaċta agus ag éileaṁ go gceartíotar é seo láiṫreaċ.

Mí Ṡásaṁ ag Leaṫnú agus Dóiṁniú

(Ar lean. ó leaṫ. 1)

taiġ uainn ár gcuspóirí náisiúnta a ċur ċun cinn. Ba é an príoṁ ċeann de na cuspóirí náisiúnta sin, caoṁnú agus forbairt ár gcultúr féin.

Rinneaḋ réabaḋ ar ċultúr na tíre seo ar feaḋ na n-aoiseanna. Cuireaḋ stop lena ḟorbairt agus deineaḋ iarraċt ar a ċur den tsaol ar fad. Ní raiḃ againn anois aċ iarsma dár gcultúr féin. Níorḃ ionann dúinn agus den Spáinn nó den Ḟrainnc, áit a raiḃ a gcultúr féin le feiceáil go soiléir. Níorḃ aṁlaiḋ dúinn anseo. Ḃí baol báis ag bagairt ar ċultúr na hÉireann.

Dar leis an Uasal Mac Cárṫaiḋ go raiḃ ḋá rud le déanaṁ anseo, a ḃfuil fanta dár gcultúr a caoṁnú, agus tús a ċur lena aṫḟás agus lena ḟorbairt. Ba soiléir naċ raiḃ seo ḋá ḋéanaṁ ag Telefís Éireann. Ḃí cuid ṁaiṫ daoine den ḃarúil gur ag luaṫú báis ár gcultúr, a ḃí an telefís.

"Ní ṫagraim do Ġaeilge aṁáin," arsa an tUasal Mac Cárṫaiġ, "tagraim den náisiúntaċt, den ṁeanmain náisiúnta sláintiúil, sin is gá imeasc aon ċoṁṁiunteарṫa, is fiú go ngairmfí náisiún díoḃ."

"Troideaḋ Cogaḋ na Saoirse ċun Éire do ċur san rioċt inár ċóir dí a ḃeiṫ. Níl Telefís Éireann ag cur leis an iarraċt ċun Éire a ċur sa rioċt sin."

Ag leanúint. dúirt sé naċ raiḃ áit don soinic, ar telefís na tíre seo, naċ raiḃ áit aċ do ḟear an dóċais, do ḟear an ċreidiṁ. Níor ṫroideamar Cogaḋ na Saoirse ċun go mbeaḋ an soinic in uaċtar, an fear gan fís, an fear gan fios ár gcúise aige. Tá cuspóir náisiúnta againn i leiṫ na teangan ar seisean, aċ. baineaḋ feiḋm as an telefís náisiúnta go minic ċun an cuspóir sin a ionsaí.

Tuarastal agus Uaireanta Múinteoirí

Ag cruinniú bliantúil Ċumann na Múinteoirí i nGailliṁ, tugaḋ cuntas ar idir-ḃeartaíoċt fá cúrsaí tuarastal.

Ḋiúltaiġ an Coiste Ceannais de ṫairiscint an rialtais ar an ábar go raiḃ sé coṁ-ċeangailte le uasteora £1,600 ag na meán-ṁúinteoirí, aċ gurb é tuarastal na meán-ṁúinteoirí i ndáiríriḃ ná £1,800, agus mar sin de, go raiḃ éagóir ḋá ḋéanaṁ ar ṁúinteoirí náisiúnta. Éiríonn sé seo de ḃárr go nglacann an rialtas gurb é £200 an íosteora íocaíoċta óna meánscoltaċa, aċ go ḃfuil árdú réitiṫe ag Cumann na Meán-Ṁúinteoirí ar seo anois, ag go n-íoctar £400 ina ionad.

Tá éileaṁ na múinteoirí náisiúnta le dul ċuig an Coiste idirḃeartaíoċta agus ba ċóir go mbeaḋ toraḋ i gcionn míosa eile nó mar sin.

Noċtaíoḋ freisin ag an Ċoṁḋáil, go raiḃ mar ċeangal leis an árdú ar tús, go nglacfaḋ gaċ múinteoir le leaṫ-uair breise de oibriú gaċ lá, aċ, gur tarraingeaḋ siar an coinníoll sin, nuair a ḋiúltaiġ ceannas na múinteoirí de. Fuair Cumann na Múinteoirí tuairim beirt Abċóide, ḋá rá naċ raiḃ fiaċaċ ar múinteoirí an leaṫ-uair breise do oibriú aċ, dúirt an Dr. Ó hIrġile go raiḃ tuairim eile aige-san.

Ag an am céanna, cuireaḋ siar an ċeist seo, aċ tógfar arís é, agus féadfar tairiscint a ḋéanaṁ ina leiṫ, agus beartaíoċt a ḋéanaṁ idir an Roinn agus na múinteoirí faoi.